Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Nollaig 2022 (OR. en)**

**16070/22 ADD 6**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0417(COD)**

**PHARM 191**
**SAN 663**
**MI 949**
**COMPET 1040**
**CODEC 2028**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 721 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 297/95 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 721 final.

Faoi iamh: COM(2022) 721 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 13.12.2022
COM(2022) 721 final

ANNEX 6

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le táillí agus muirir is iníoctha leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach, lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/745 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) 297/95 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 658/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{SEC(2022) 440 final} - {SWD(2022) 413 final} - {SWD(2022) 414 final} - {SWD(2022) 415 final}

## IARSCRÍBHINN VI

## Faisnéis feidhmíochta

Bainfidh an fhaisnéis seo a leanas le gach bliain féilire:

(1) costas foriomlán agus miondealú ar chostais foirne agus costais neamhfhoirne a bhaineann leis na táillí agus na muirir dá dtagraítear in Airteagal 3;

(2) líon na foirne Gníomhaireachta lena mbaineann agus na costais fhoriomlána chun údarú Aontais a fháil agus a choinneáil ar bun chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine agus ar tháirgí íocshláinte tréidliachta agus le haghaidh seirbhísí eile na Gníomhaireachta;

(3) líon na nósanna imeachta chun údarú Aontais a fháil agus a choinneáil ar bun chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí íocshláinte lena n- úsáid ag an duine agus ar tháirgí íocshláinte tréidliachta agus le haghaidh seirbhísí eile na Gníomhaireachta;

(4) líon na laghduithe ar tháille a dheonaítear in aghaidh an chineáil laghdaithe táille mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V;

(5) sannadh rapóirtéirí, comhrapóirtéirí, nó ról a mheastar a bheith coibhéiseach chun críocha an rialacháin seo dá dtagraítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an rialachán seo, in aghaidh an Bhallstáit, in aghaidh an chineáil nós imeachta;

(6) an líon uaireanta an chloig oibre a chaitheann an rapóirtéir agus na comhrapóirtéirí agus na saineolaithe a fuarthas ar conradh le haghaidh nósanna imeachta na bpainéal saineolaithe ar fheistí leighis in aghaidh nósanna imeachta ar bhonn na faisnéise a sholáthair na húdaráis náisiúnta inniúla lena mbaineann don Ghníomhaireacht. Cinnfidh an Bord Bainistíochta na nósanna imeachta a bheidh san áireamh bunaithe ar thogra ón nGníomhaireacht.